Seachtain Feasachta Coláiste
College Awareness Week

# 50 GNÍOMH MAIDIR LE CONAIRÍ FOGHLAMA

**Seo thíos liosta de ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun spéis mhór sa choláiste agus sna conairí gairme a spreagadh i do chuid scoláirí:**

1. Cuir scoláirí níos óige ag faire ar na scoláirí atá sa séú bliain agus iad ag roghnú cúrsaí agus coláistí i rith na bliana (litreacha, ríomhphoist, cuairteanna).
2. Pleanáil turas bóthair chuig coláiste; áirigh léarscáil agus bealach, buiséad, ionaid a dtabharfaí cuairt orthu agus cúiseanna a dtabharfaí cuairt orthu.
3. Líon amach foirm CAO. Bíonn spraoi ag baint leis seo do scoláirí ón dara go dtí an cúigiú bliain.
4. Cuir na scoláirí ag scríobh chuig na coláistí chun catalóga, físeáin iontrála, agus/nó ábhar bolscaireachtaa fháil.
5. Déan smaoineamh chun cinn agus scríobh litir abhaile ón gcoláiste ag cur síos ar a bhfuil ag tarlú ansin.
6. Déan cinnte go bhféadann gach scoláire pictiúr a thabhairt abhaile díobh féin ar champas coláiste.
7. Maisigh doirse seomraí ranga le dathanna/lógónna coláistí.
8. Tabhair cuairt ar champas coláiste le scoláirí uile na bliana.
9. Tabhair cuireadh do mhic léinn/ollúna coláistí chuig an scoil chun labhairt leis na ranganna éagsúla.
10. Labhraíodh múinteoirí faoina dtaithí féin ar an gcoláiste ag tús ranga.
11. Eagraigh lá "éadach coláiste" (hataí, léinte.)
12. Cuir dioplómaí múinteoirí ar taispeáint sa halla.
13. Cuir suas clár fógraí ar a bhfeictear iarscoláirí a bhí sa séú bliain agus a chuaigh ar coláiste le gairid – Laochra Léinn
14. Cuir lipéid ar léarscáil bóithre sna háiteanna ina bhfuil coláistí.
15. Breathnaigh ar léarscáileanna de champais éagsúla agus déan comparáid eatarthu. Cad atá le foghlaim faoi choláiste ón léarscáil?
16. Scríobh liosta d'oiread coláistí agus atá tú in ann, gan labhairt le haon duine eile.
17. Iarr ar na mic léinn a ngairm bhrionglóide a chur isteach in intleacht shaorga agus iarraidh ar an AI bealaí coláiste agus printíseachta a thabhairt dóibh a bhaineann leis an ngairm sin.
18. Maisigh hallaí na scoile le hábhar coláistí.
19. Déan tóraíocht taisce ar líne bunaithe ar choláiste.
20. Coinnigh súil ar chluichí idir foirne coláistí.
21. Cuir catalóga, leabhair agus acmhainní eile ar taispeáint i leabharlann na scoile do scoláirí agus do thuismitheoirí.
22. Seol liosta abhaile chuig na tuismitheoirí de láithreáin gréasáin úsáideacha faoi choláistí.
23. Cruthaigh colláis le hábhar as seanchatalóga coláistí.
24. Cuir agallamh ar mhúinteoirí, tuismitheoirí, daoine fásta sa cheantar, ar mheantóirí faoina dtréimhse féin ar coláiste.
25. Eagraigh aonach coláistí sa scoil le céimithe áitiúla ag déanamh ionadaíochta thar ceann an alma mater.
26. Féach air www.studentfinance.ie chun foghlaim faoi bhealaí le híoc as oideachas coláiste.
27. Cuir agallamh ar mhic léinn atá sa choláiste faoi láthair agus ar phrintíseach atá i mbun oiliúna.
28. Cruinnigh pictiúir de na múinteoirí nuair a bhí siad féin ar coláiste agus cuir leabhrán díobh le chéile.
29. Freastail ar ócáid spóirt i gcoláiste.
30. Ceannaigh ábhar i siopa leabhar coláiste le tabhairt amach mar dhuaiseanna sa seomra ranga.
31. Déan fiosrú ar chúrsaí éagsúla coláiste ag baint úsáide as intleacht shaorga.
32. Eagraigh tráth "fada" na gceist ar fud na scoile le ceist an lae faoi choláistí.
33. Déan liosta comparáide idir an scoil dara leibhéal agus an coláiste.
34. Déan liosta de na jabanna/slite beatha ba mhaith le daoine agus an leibhéal oideachais is gá lena n-aghaidh.
35. An maith leat an stair? Faigh amach cé mar a cuireadh coláistí éagsúla ar bun agus cathain a tharla.
36. Cuir scoláirí na séú bliana ag caint le scoláirí níos óige faoina gcuid gcuardaigh maidir le coláistí.
37. Déan liosta de chineálacha éagsúla coláistí (dhá bhliain, ceithre bliana, poiblí, príobháideach); luaigh samplaí de gach cineál agus na difríochtaí eatarthu.
38. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí teacht ar thuras chuig coláistí.
39. Cuir scoláirí ag fiafraí dá gcuid tuismitheoirí agus daoine muinteartha eile conas a d'fhoghlaim siad faoi choláistí agus/nó a roghnaigh siad ceann.

40. I rith na bliana ar fad, áirigh dhá nóiméad faoi choláistí agus faoi phrintíseachtaí san ábhar atá an rang ag foghlaim, ag léamh nó ag plé.
41. Cuir tuismitheoirí ar an eolas faoi imeachtaí saor in aisce, taispeántais ealaíne, agus eile atá ar siúl ar champais coláistí i nuachtlitir sheachtainiúil na scoile do na tuismitheoirí.
42. Tabhair mic léinn coláiste isteach chun turgnamh eolaíochta a léiriú do na scoláirí.
43. Faigh amach an difríocht idir Ionad Breisoideachais agus Oiliúna agus ollscoil.
44. Pléigh an leathfhocal "Níl duine ar bith beo nach bhfuil coláiste ann a oireann don duine sin."
45. Cum amhrán nó dán faoi choláiste, faoi phrintíseachtaí nó faoi ghairmeacha.
46. Tóg pictiúir nuair a thugtar cuairt ar champas agus cuireadh na scoláirí iad seo i láthair do scoláirí níos óige le linn cuntas a thabhairt ar an turas.
47. Faigh amach cá ndeachaigh scríbhneoirí, ceapadóirí, cumadóirí, tionscnóirí iomráiteacha ar coláiste.
48. Seiceáil an láithreán gréasáin HEAR/DARE chun eolas a fháil faoi shlite eile chun dul ar coláiste www.accesscollege.ie
49. Cuir na scoláirí i mbun liosta a scríobh de na daoine ar fad a d'fhéadfadh cuidiú leo agus iad ag féachaint le dul ar coláiste.
50. Déan colláis le mic léinn ar a gcuid smaointe faoi choláiste agus bealaí gairme. Ansin bain úsáid as intleacht shaorga chun iad a chur i gcatagóirí agus léarscáil intinne a dhéanamh chun an comhrá a fhorbairt.